

LOINNIR MHC LEABHAIR

Rí a bhí ina Ardri ar chríocha an domhain uilig. Dubhairt Rí an Domhain Thoir agus Rí an Domhain Thiar nach bhféadfadh sé a bheith ina chomhairleach ar chríocha an domhain ar fad. Rinneadar suas le chéile teacht aon lá amháin, campa a phitcháil timcheall air agus a chosairle a bhaint de agus chomán beatha.

Tháinigeadar agus shuidheadar ina thimcheall agus bhaineadar a cheann agus a chomán beatha de féin agus dá chuid airm ar fad. Bhí aon mhac amháin aige agus sé an t-ainm a bhí air Loinnir Mhic Leabhair mac Ardri an domhain go hiomlán. Bhí sé sin ina fhear chomh breagh agus go ndearnadar sgrúdú coinsiais an ceann a bhaint de agus leigeadar 'un siúil é. Chuireadar faoi gheasa annsin é gan aon fhear a leigint thairis go bráth gan fios a ainm a bheith aige agus gan a ainm fein a bheith ag aon fhear go bráth.

Roinne sé ar na coillte fiadháine agus an choill is áiféalta agus is uaignighe a chonnaic sé rinne sé teint beag dó féin innte. Lá agus bliain a bhí istigh aige a' piocadh toradh crann agus dhá n-ithe—badh é sin a bheatha—agus a'codladh sa teintín nuair a chonnaic sé Gaisgeach Óráilte ag tigheacht air tríd a' gcoill. "Mo chrádh agus mo mhille chugam mara fearrde mé thú más liom a chuideochas tú. Más im aghaidh a ghabhas tú níor miside mé thú."

Labhair sé féin agus Gaisgeach Óráilte le chéile nuair a tháinigeadar le cheile. D'fhiafruigh sé de Ghaisgeach Óráilte cén t-ainm nó sloinneadh a bhí air. "Cén t-ainm nó sloinneadh atá ort féin?" adeir Gaisgeach Óráilte. "Tá mise faoi gheasa" adeir Loinnir " gan fios m'ainm ná mo shloinneadh a thabhairt d'aon fhear go bráth agus gan aon fhear a leigint tharam gan fios a ainm agus a shloinneadh a bhaint de." "Sin geas nach bhfuil orm" adeir Gaisgeach Óráilte. "Sé an t-ainm atá orm Drucht Uaine mac Rí Lochlainn. In áit a dtáinig cogadh agus easa ar m'athair agus marbhuigheadh é féin agus a raibh sa ríoghacht ar fad ach mise, agus tá mise ag tabhairt na gcoillte dom féin."

"Is maith mar tharla" adeir Loinnir. "Sé an t-ainm atá orm Loinnir Mhic Leabhair mac Ardri an domhain na nua-sgiathach a dtáinig cogadh agus easa idir ar m'athair féin agus marbhuigheadh é féin agus agus a raibh san ríoghacht ar fad go dtí mise, agus tá mise annseo le lá agus bliain sa gcoill seo." "Chaithfeá go bhfuil teint eicínteach déanta a'd féin sa gcoill." Tá" adeir Loinnir, "teint beag déanta a leigeas drucht na hoidhche tharam." "Ní fearr dúinn áit beirt dearbhrathar a dhéanamh dá chéile chúns bheimid beo." "Níl locht agam air" adeir Loinnir. "Is fala liom go bhfuair mé comhlúadar maith eicint."

Chuadar isteach sa teintín beirt agus bhí máilín crothainí agus toradh crainn cruinnighthe ag Loinnir ó mhaidin. Fuaradar dhá bhlocáinín annsin agus d'ionnsuigheadar a' briseadh agus a'pléasgadh crothainí. Chaitheadar an oidhche chomh compórtaidheach agus d'fhéadadar é, agus ar maidin ar na bhárach fuair gach aon duine aca máilín agus chuaigh chaon duine amach a' piocadh go trathnóna.

Chuireadar lá agus bliain isteach leis an obair sin. Nuair a bhí an lá is bliain istigh acab bhí Drucht Uaine istigh trathnóna i dtosach ar Loinnir. Bhí sé in shuidhe ar bhlocán ar leataobh na teineadh agus a bhos faoi na leiceann aige. Nuair a tháinig Loinnir isteach “shílfeá a dhreatháir” adeir Loinnir, “go bhfuil cosmhalacht bróin anocht ort.” “Tá” adeir Drucht Uaine.” “Feictear dom gur b’aisteach an rud ag beirt de cloinn rí mar muid a bheith istigh i gcoill mar seo agus gan fhios cén chaoi a dtiocfadh cogadh nó easa orainn gan corracháinín snáimh againn a thiubhradh ar a’ bhfairrge mhór muid.” “Cén ghoir atá a’inn ar a leitheid sin a fhágail” adeir Loinnir. “Tá mise i mo dhuine deaslámhach” adeir Drucht Uaine “dá bhfágainn an t-adhmud bainnte.” “Ná bíodh sé sin le rádh a’d” adeir Loinnir, “bainfidh mise an t-adhmud dhuit.”

Chaitheadar an oidhche níos compórtadhaighe ná chaithidís í agus agus ar maidin amárach chuadar amach ‘un na coille aríst. Is beag a bhí siubhalta acab nuair a casadh crann mór daraighe dhóibh. “Dá mbeadh sé sin againn” adeir Drucht Uaine” dhéanfadh sé ball de.”

Chuir Loinnir barróg ar an gcrann agus an chéad chrathadh a bhain sé as thug sé seacht n-iomaire agus seacht n-acra le rútaí an chrainn agus leis an gcrann féin. Chuir sé an fhad eile thar chúl a chinn leis an pitch a bhain sé as. “Maise agha do shaoghail agus do shlainte leat” adeir Drucht Uaine “is breagh an spreacadh atá ionnat.” Is gearr eile a bhí siubhalta acab nuair a casadh crann reamhar sleamhain dóibh. “Dá mbeadh sé sin a’inn” adeir Drucht Uaine “dhéanfadh sé cíle dhe.” Pébrí fáisgeadh a thug sé don chéad cheann thug sé ní ba mhó faoi dhó don darna ceann. Chuir sé an dá chrann treasna ar a chéile.

Ní achar fada a bhí siubhalta aca nuair a casadh crann reamhar daraighe eile dóibh. “Dá mbeadh sé sin againn” adeir Drucht Uaine, dhéanfadh sé postaí dhi. Bhí na trí cinn i bhfastó trathnóna aca, an ball, an posta agus an cíle. Lá agus bliain ón lá sin bhí soithín breagh deas déanta aca. “Tá muid chomh dona anois” adeir Drucht Uaine níl aon ghléas seoil againn.” “Ná bíodh sé sin le rádh” adeir Loinnir. Ó tharla gur a’dsa atá fios ar chuile rud a theastuigheas uaithe sgríobh síos ar pháipéir dhomsa é agus gabhfaidh mé isteach ‘un an bhaile mhóir ina coinne. Sgríobh sé síos chuile rud dá raibh a’ teastáil uaithe ó bharr a’ chrainn bairr go dtí ceann an stearnuin agus go dtí barr an chéad tseoil.

Chuidh Loinnir isteach ‘un a bhaile mhóir. Bhí ainm ar chuile rud dá raibh ag teastáil uaidh ar pháipéar, a sgríobh Drucht Uaine aréir dó. Ní raibh sé a’ fiafruighe d’aon fhear céard é luach aon rud dá raibh a’ teastáil uaidh féin nó raibh siad cruinn in aon charnán trathnóna aige. Bhuaill sé ar a ghualainn iad agus níor stop sé go dtáinig sé go dtí Drucht Uaine agus go dtí an soithín.

Thosuigh Drucht Uaine dá gléasadh chomh moch agus d’airigh sé corruighe. Bhí sí gléasta amach aige ar a trí a chlog tráthnóna. “Tá muid ceart go leor anois” adeir Drucht Uaine, “dá mbeadh congnamh ar bith a’inn a chuirfeadh i bhfairrge í.” “Maise shorraidh dhíot gabh thusa faoi na tosach agus gabhfaidh mise faoi na deire,” adeir Loinnir.

Chrochadar leob ar a gcorr gualainn í gur chuireadar i bhfairrge í. Chuireadar ar ród ancoir annsin í. Nuair a bhí sí socruigthe ar ancor acab d’eirigh gach aon duine de léim dá bord agus chuadar amach ar an tráigh. Sheasadar ar a gcois a’ breathnú ina ndiaidh uirthé agus chonaic siad an corracháinín snáimh ag teacht acab sa bhfairrge agus an t-iomradh

céadtach uirthi, agus gan innte ach aon bhean amháin. “Níl fhios agam ar a’ domhan” ar Loinnir, “cén t-éileamhú atá ag an gcorracháinín a bheith ag tigheacht a’ breathnú ar an soithín.” “Ná bac leis a’ gcorracháinín ná leis an soithín ach teanam leat abhaile” adeir Drucht Uaine. “Mo chrádh agam go bráthach” adeir Loinnir, “má fhágaim seo go bhfeicim cén t-éileamh atá aice ar mo shoithín.”

D’imthigh Drucht Uaine agus d’fhan Loinnir ina sheasamh ar a’ tráigh. Tháinig an corracháinín suas go dtí an soithín agus chuaigh sí timcheall uirthi. Nuair a bhí sí thart timcheall uirthi thug sí a haghaidh isteach ar a’ tragh agus chuir sí uisge go béal a bhuaisí ar Loinnir leis an mbruth a bhí amach roimh an gcorrachín a’ teacht chun ‘un na trágha. “Maise cén t-éileamh atá agat ar mo shoithín?” “Is cuma dhuit-se cén t-éileamh atá agam ar do shoithín ach cuirim thusa faoi gheasa agus faoi mhór dhiomú na bliana thú gan an darna hoidhche a chodladh ar aon leaba ná an tríomhadh béile ithe d’aon mhias go bhfagha tú amach an áit ar bhain mise mo bhróga díom aréir agus nar chuir mé orm indiu iad.”

Rinne sí buille cúil agus buille iomraimh agus thug sí aghaidh an chorrachín ar an bhfairrge mhóir aríst. Thug Loinnir aghaidh ar an mbaile ar an teintín a bhí déanta aige féin agus ag Drucht Uaine. Nuair a tháinig sé isteach bhí Drucht Uaine istigh roimhe, agus sé an sórt cathaoireacha a bhí aca le suidhe ortha blocán de bhun crainn ag chaon duine acab.

Nuair a shuidh Loinnir ar an mblocán a bhí socruighthe le na aghaidh féin chuir sé osna as agus thuit an teintín i mullach na beirte. Nuair a d’éirigheadar agus labhruigheadar le chéile “tá tú faoi gheasa” adeir Drucht Uaine. “Táim” adeir Loinnir. “Cé na geasa atá ort?” adeir Drucht Uaine. “Bheith ar sriubhal agus ar síor-imtheacht go bráthach go bhfágfa mé amach an áit ar bhain an bhean na bróga di aréir agus nar chuir sí uirthi indiu iad.” “Tá faitchíos orm nach beag dúinn a dhonacht” adeir Drucht Uaine.

Ar maidin i mbárach fuaradar a ndá máilín agus d’ionnsuigheadar ag piocadh croithíní agus toradh crainn cur chuireadar stór lá agus seacht mbliana isteach san soithín dóibh féin. Nuair a bhí sé sin acab innte chuadar féin chun boird aríst innte. Thugadar a tosach do mhuir agus a deire do thí, gur arduigheadar suas a cuid seolta lándearg faoi bharra na gcrann nach bfágaidís téad tíre gan tarraingt, maide rámha gan briseadh, halmadóir gan réabadh go ndeachadar ag treabhadh na fairrge nar treabhadh rompa ariamh cheana. Bhí an gainimh garbh a dul in uachtar agus an cubhar a dul in íochtar de bhrígh na measga a bhíodar a thabhairt don fhairrge. D’éirigh sí ina trí thonna tollara agus na hárleighcioch ionnta. Bhí lúb ar na heasgana a’ dul in asglaibh a chéile gur chuireadar lá agus bliain a’ seoladh na fairrge gan talamh ná trágh, long ná bád a fheiceál an t-achar sin.

“A dhreatháir” adeir Drucht Uaine “ní fheicfidh muid aon talamh go bráthach.” “Feicfidh” adeir Loinnir. “Bhí mise a’ bringleoidí aréir go mbeadh muid in amharc talmhan ag a dó dhéag indiu agus teirigh tusa sa gcrann” adeir sé agus b’fhéidir go bhfeicfeá é.” Chuaigh Drucht Uaine sa gcrann agus is gearr a bhí sé ann nuair a d’fhuagair sé an talamh. Bhíodar a’ deanamh ar a’ talamh go rabhadar a’ tigheacht i bfoisgeacht cupla míle dhe nó trí. “Is mór a d’airigh muid a d’éirigh dhúinn” adeir Drucht Uaine. “Tuige sin” adeir Loinnir. “Nach ndearna an corrachín snámha a thiubhraidh i dtír muid agus d’fhéadfadh muid an soithín a fhágáil ar ród ancoire.” “Sgaoil isteach í” adeir Loinnir. Fad is ghabhfadh sí teidheadh sí.”

Bhí cúinne de chábla nua leagtha ar dic acab innti. Sgaoil Loinnir an cábla agus cheangal se ceann de faoi'n gcrann tosaigh. Chuir sé an ceann eile ina bhéal. Nuair a cheap sé go raibh sé i bhfoisgeach fad a'chábla den talamh rith sé ó cheann an stairn go ndeacha se ar bharr a' jibum. D'éirigh sé de léim as sin agus chuaidh sé féin píosa maith suas ar an talamh tirim. Le a raibh de shiúl ag tigheacht ag a' soithín agus leis an tarraingt a bhain sé aiste thriomuigh sé an stiúir suas ar an duirling. "Tá sí ceart go leor anois a'inn" adeir Drucht Uaine, "ach má thagann an ghaoth os a cionn annseo agus an taoille a' méadú raiceálfar ina dhiadh sin í" adeir sé. "Go dtí shorraidh díot" adeir Loinnir, "gabh thusa faoi na tosach agus gabhfa mise faoi na deire agus b'fhéidir go gcuirfimid píosa beag eile í."

Chuaidh Drucht Uaine faoi na tosach agus Loinnir faoi na deire. Chrochadar leob ar a gcorr gualainn í go ndeachadar suas i ndruim an oileáin a dtáinigeadar i dtír air. Casadh aill annsin dóibh a raibh brat mór eidhin fásta uirthi. Thógadar suas an t-oidhean den aill agus leagadar an soithín isteach faoi'n aill, agus leagadar an t-oidhean anuas as a cionn aríst. Ní aithneochadh súil dá ghrinne go raibh chor ar bith ann. D'imthigheadar a' siubhal agus gan fhios aca cé rabhadar a' dul. Nuair a bhí sé deireannach casadh cúirt dóibh a bhí ag ina teach chomh deas agus a chonnaiceadar ariamh roimhe cheana. Ní raibh barr cleite isteach inte ná barr cleite amach aiste ach aon chleite amháin péacóige a bhí déanamh dín agus fasgadh ina mullach. Bhí ceannabhán bán na muinge de thuighe uirthi agus snáthadaí nimhe cruach de sgolb innte. Bhí pábháil rásúirí cruach fré chéile taobh amuigh uirthi agus a mbéal fhosgailte.

Loinnir a bhí chun tosaigh. Chuaidh sé de léim thar na rásúirí. Chrom sé faoi na snáthadaí. Rinne Drucht Uaine an cleas céadhna. Ní raibh le feiceál acab ach aon bhean amháin nuair a tháinigeadar isteach. Bheannuigh gach aon duine acab agus bheannuigh an bhean dhóibh. Bhí seanlaoch thiar ar a leabaidh. Nuair a chuala sé an chainnt, "cén sórt daoine iad sin a tháinig isteach?" adeir sé. "Maise do dhona agus do dhochairne" adeir Loinnir. "Is aisteach an rud dhuit dhul a fhiafruigh dhínn-ne cén sórt daoine muid féin oidhche mhór Nodlag na hÉireann agus gan fhios a'd cén uair a bhlaís muid greim bidh saoghalta." "Má crádh agam" adeir a' seanlaoch, "mara fíor dhuit sin. Eirigh suas a inghean agus an biadh agus an deoch is fearr sa teach réidhtigh do na fir seo é."

D'éirigh an inghean agus agus an suipéar is fearr a chonnaiceadar ariamh cheana leag sí ar an mbord dóibh é. Nuair a bhí an suipéar caithte aca "cén sórt daoine anois sibh" adeir an seanlaoch. "Is a'd atá an fhiafruigh orainn" adeir Loinnir, "ach cén sórt duine tú féin?" "Duine atá le anró an tsaoghail anois mé" adeir an seanlaoch, "agus tá mé sgathamh amhlaidh." "Céard tá ort?" adeir Loinnir. "Tá" adeir sé, "fathach mór na gcúig cheann, na gcúig meall agus na gcúig muineál a tháinig annseo as a'domhan thoir," adeir sé, "atá trí la agus trí bliana ó shoin indiu" adeir sé. "Thóg sé mo shúil, m'agha, m'fhiacail agus mo gháire uaim as seo." "Agus cén chiall nach raibh duine ar bith a'ad a leanfadh é agus iad a bhaint de," adeir Loinnir. Ní raibh aon duine agam ach an gearrchaile annsin agam" adeir sé. "Chuala mé go raibh gaisgidheach in Éirinn a dtugaidís Loinnir Mac Leabhair mac Ardrí an Domhain na Nua-Sgiathach. Chuir mé an gearrchaile amach dá thóraidheacht" adeir sé, "agus nuair a tháinig sí dubhairt sí go bhfaca sí é, agus creidim má chonaic féin nach bhfeicfidh mise é"

adeir an seanlaoch. "Ní theastuigheann uaithe dhul dá thóraidheacht níos mó, mar is mise an fear" adeir Loinnir.

Nuair a chuala an seanlaoch gurb é a bhí ann d'éirigh sé féin aniar agus bhí sé chomh díreach le ceachtar acab. Chaitheadar an oidhche sin trian le filidheacht, trian le sgéalaidheacht agus trian le sógh sámh agus síor chodladhta. Bhí blas na meala ar gach aon rud acab agus gan aon rud tor.

Ní moiche a d'éirigh an lá lá'r na bhárach ná d'éirigh Loinnir Mac Leabhair agus chroch se leis go dtiubhradh sé leis seacht gcnoc agus seacht ngleann, agus na seacht mbaile caisleáin, dá mbeidís ann, go mbéarfadh sé seacht gcéad uair ar an ngaoith Mhárta a bhí roimhe sul a mhéarfadh an ghaoth Mhártaa bhí ina dhiaidh l mbéal aon bhearna air, go raibh sé tuairim a haon a chlog sa lá ag an gcuaile comhraic a bhí socruighthe ag dorus fáthach na gcúig cheann, na gcúig meall agus na gcúig muineál ón domhan thoir. Bhuaile sé buille ar an gcuaile comhraic. Níor fhág sé laoi i mbó, searrach i gcapall mionnán i ngabhar ná leanbh faoi bhroinn mná gur bhain sé chúig iompó tuaitheal agus chúig iompó deiseal asta le méid agus chraith sé an cuaille comhraic. Tháinig fear freagartha an chuaille comhraic amach. D'fíafuigh sé céard a bhí uaidh. "Tá, seacht gcéad romham agus seacht gcéad i mo dhiaidh, seacht gcéad in aghaidh gach céad dár dhubhairt mé, sin nó fear mo theangbhála." "Ní mórán atá annseo ach an fathach agus tá sé sin a' réidhteach le t'aghaidh."

Tháinig an fathach i láthair. "Cé is fearr leat-sa ag corraidheacht ar leaca glasa nó ag gabháil de sgeanna ar easnacha a chéile." "Is fearr liom-sa ag corraidheacht ar na leaca dearga" adeir Loinnir, in áit a mbeidh mo chosa míne geala féin ag dhul in uachtar agus do chrága móra mí-stuamdha féin ag dhul in íochtar."

D'ionnsuigheadar a chéile mar d'ionnsóchadh dhá leon ar lota nó dhá tharbh ar dásacht a chéile. Is gearr a chorraidheacht a bhí eatortha gur leag Loinnir faoi é.

Labhair Loinnir:

"Go dtí seacht measa a bhéas tú blian ó indiu" adeir Loinnir, "beidh sé ina oidhche orm leat" dá leagan faoi agus a' cur ceangal na gcúig gcaol air go daor agus go docht go ndearna sé aon cheirtlín amháin da chúig cheann agus dá cholainn. "Ó do chara 's do choimrighe a ghaisgidhigh tabhair ceathramha m'anama dhom. Níl aon áit go bráth a dteastóchaidh mo chongnamh gaisge uait nach mbeidh sí a'd." "Muisé shorraidh dhíot cén mhaith dhom-sa do chongnamh gaisge agus a dhonnacht dhuit nuair a theastuigheas sé uait, agus ní hé atá mé a iarraidh ort ach súil, agha, fiacail gáire, cíós na seacht mbliana agus na seacht seisreach Sgológ Ardoileáin an Domhain." "Sé an áit a bhfuil siad sin san tullán glas faoi'n aill údan thall agus níl tú indon an tullán a tharraingt gan congnamh." "Rud ar bith a rinne tusa ariamh ba cheart go ndéanfainn-se é." Chuaidh sé anonn agus rug sé ar an tulán agus an chéad streachailt a thug sé faoi thug sé leis é agus bhí súil, agha, fiacail agus gáire, Sgológ Ardoileáin an Domhain faoi istigh ar fad.

Rug sé ortha, chaith sé ar a ghualainn iad. Chuaidh sé anonn agus sgaoil sé aon chor amháin de na córdái a bhí ar an bhfathach. "Sgaoil thú féin an chuid eile" adeir sé, nó fan annsin"

adeir sé. Nuair a bhí an ghrian thíos trathnóna bhí sé ag teacht aríst go dtí Sgológ Ardoileáin. Nuair a tháinig sé go dtí iad leag sé de an buindlín. Ní raibh fhios ag an sgológ céard a dhéanfaidh sé dó leis a' bhfáilte a bhí aige roimhe. "Anois" adeir an Sgológ adeir sé, "fan in éinfheacht liom annseo agus tiubhraidh mé an gearrchaile annsin le pósadh dhuit. Tiubhra mé leath mo rioghachta dhuit le mo bheo agus é uile le mo mharbhadh. Maidir le ór agus airgead ceathramha cuid ní fhéadfá a chaitheamh. "Go raibh maith agat" adeir Loinnir. "An oidhche a rugadh mise rugadh leath éadach liom agus rugadh inghean do Rí Alban a rugadh an leath den éadach a rugadh liomsa a dtugaidís Lasair Chinn Dearg uirthé. Dubhairt chuile dhuine go mbeadh muid pósta i gceann a chéile. Ní phósfa mise aon bhean go deo go bhfeice mé ise má tá sí beo" adeir Loinnir, ach b'fhéidir gurb é seo an fear nach bhfuil aon ghealltanas pósta air." "Níl" adeir Drucht Uaine.

Cuireadh fios amach ar shagart mór méise agus cléireach mór maide ar maidin gur pósadh Drucht Uaine agus inghean Sgológ Ardoileáin le chéile. Chaitheadar bainis bliain agus lá agus nuair a bhí an bhainis caithte dubhairt Loinnir go ngabhfadh sé go hAlbain. Chuaidh Drucht Uaine tuairim agus fiche slat ón dorus leis agus chrom Loinnir i locháinín a' nigheachán a lámha. "Cén chaoi a mbeidh fios a'm-sa má fhághann tú bás go bráth agus mise annseo" adeir Drucht Uaine. "Má thugann tú aire mhaith don locháinín seo beidh uachtar fola air má fhághaim-se bás."

Thug sé aghaidh uaidh agus bhí sé ag déanamh ar a' soithín. Bhí sé ag dul tríd píosa coille agus casadh caolán deas fásta sa gcoill dó ar chuir sé suntas air. Tharraing sé an caolán as an talamh agus thug sé leis ar a ghualainn é agus nuair a thóg sé suas an t-oidhean den tsoithín aríst agus leag sé isteach an caolán innte. Bhí seacht bhfad an tsoithín a dul siar thar an deire agus a sheacht bhfad eile amach thar a' tosach. Bhuail sé gualainn isteach faoi bhairb an tsoithín. Chroch sé leis ar a' gcorr gualainn í gur chaith sé i bhfairge í. Chuaidh sé chun seoil agus gan aige ach é féin. Nuair a bhí chúig lá caithte ar an bhfairge aige chonnaic sé fleet ag teacht aige agus gach aon phéire aca amach in éinfheacht. "Báthfamuid í sin" adeir fear dá raibh sa soitheach tosaigh. "Ná báthamuid, sin soithín ceannaidhe bocht."

Nuair a fuair seisean istigh i lár a' chabhlaigh é féin rug sé ar an gcaolán agus bhí sé caithte aige go dtí áit dhá láimh. Nuair nach raibh fear ná crann fágtha sa fleet aige bhí na fir marbh aige agus na crainnte briste aige. An caoineachán is boichte a chuala sé ariamh, sa soitheach láir den fleet a chuala sé é. D'eirigh sé de léim agus chuaigh sé de bhord a shoithín féin agus chuaidh sé ar bord a' tsoithigh ar chuala sé an caoineachán ann. Shíos i gcábán caiptín a bhí an caoineachán. D'fhosgail sé an cábán agus bhreathnuigh sé síos ann. Chaill a dhá shúil an t-amharc leis an tsoillse a tháinig aníos as, ó bhean a bhí dhá caoineadh féin. "An iad seo atá tusa a chaoineadh nó cén t-adhbhar caoineacháin atá agat?" "Ní hiad," adeir sí, "ach fear nach bhfaca mé ariamh, agus nach bhfeicfidh mé choidhchin." "Agus cén t-abhar duit a bheith a' caoineadh fear nach bhfaca tú ariamh agus nach bhfeicfidh tú choidhchin?" "Tá" adeir sí, "an oidhche a rugadh mé rugadh leath éadach liom. Rugadh mac do rí in Éirinn a rugadh an leath eile den éadach leis, agus dubhairt chuile dhuine go mbeadh muid pósta le chéile." "Céard a thug annseo thú?" adeir Loinnir. "Sin iad cabhlach an fhathaigh mhóir as a' domhan thoir a bhí go m'fhuadach go dtí é, agus b'fhéarr liom bás a fhághail annseo ná dhul annsin."

Chuir sé a mhéar síos agus bhuail sé faoin n-a asgail í agus thug sé ar deic í. Chuir sé lámh ina phóca agus tharraing sé aníos an píosa den éadach a rugadh leis féin. Chuir sise a lámh ina póca nuair a chonnaic sí an t-éadach aige sin agus tharraing sí aníos an píosa den éadach a rugadh léithe féin. Ghreamuigh an t-éadach ina chéile. Rugadar féin ar dhá mhuineál ar a chéile nuair a ghreamuigh an t-éadach ina chéile. Más thíos a fuaradar cheile, thuas a d'fágadar a chéile. Mhúchadar a chéile le póga, bháthadar a chéile le deora, thriomuigheadar a cheile le brata míne síoda agus sróile. Chuir sé méar faoi na crios agus chuaidh sé i ndiaidh a chúil ar bord a shoithín féin aríst.

Ní raibh seolta aige féin agus aice féin i bhfad nuair a bhuail tinneas na fairrge í. "Tá tú cailte" adeir sé, "agus an chéad talamh a dtiocfa muid suas leis cuirfidh mé isteach i dtír air. "Ná bac leis, níl aon bhaoghal báis orm" adeir sí. An chéad talamh a dtáinig sé suas leis tháinig sé i dtír air. Shiubhail sé féin agus í féin amach go bhfágadh siad baladh an aeir agus na talmhana. Is beag a bhí siubhalta aca nuair a d'iarr sé suidhe síos go raibh néal codlata air, go leagfadh sé a cheann ar a glúin. Shuidh sí síos agus leag sé a cheann ar a glúin. "Má fheiceann tú rud ar bith a' teacht a chuirfeas faightíos ort tarraing an ribe gruaige tarraing an ribe gruaige seo i mullach mo chinn. Mara ndúisighidh sin mé bain laidhrín na coise deas díom. Mara ndúisighidh sin mé buail os cionn an chroidhe mé leis an leic sin thall. Mara ndúisighidh sin mé ní dhúiseochaidh mé go ndéanadh mé codladh seacht n-oidhche agus seacht lá."

Ní raibh ann ach go raibh sé tuitthe ina chodladh nuair a chonaic sí fear mór a'siubhal chuire ar bharr na fairrge, a raibh an domhan mór le feiceál idir a dhá chois, agus gan tada le feiceál idir a mhullach agus an t-aer. Shíl sí é a dhúiseacht agus chinn uirthi. Tharraing sí an dlaoi gruaige a bhí i mullach a chinn agus níor dhúisigh sin é. Bhain sí laidhrín na coise deise de agus níor dhúisigh sé sin é. Bhuail sí den leic os cionn a chroidhe gur chuir sí trí huain (blogam) d'fhuil a chroidhe amach agus níor dhúisigh sin é. Tháing an fear mór i láthair. "Cén sórt spriósán annsin agat?" ar sé. "Dreitheair dom" ar sise "atá ar meisge." "Tá 's agam gurb eadh" ar sé, ag tigheacht faoi agus dhá bhualadh de chic. Chroch sé é gur chuir sé gur chuir sé seacht n-iomaire agus seacht n-acra é. Bhuail sé aríst é agus chuir sé an chaoi chéadna air. Thug sé an tríomhadh cic dó agus bhí sí chomh maith leis an gcéad cheann. Bhuail sé méir faoi asgail Lasair Chinn Dearg agus chroch sé leis ar a chormhéar í. Bhí gasúr a' fosaidheacht ann agus nuair a chonnaiceadar an rath a chuir an fear mór ar Loinnir shíleadar go raibh sé marbh uilig. Thosuigheadar ag cruinniú bualtraí beithideach agus ghá bhfuin trí na chéile nó gur líonadar a pholláirí agus poill a chluas gur fholuigheadar suas a chloigeann ar fad le bualtraí na mbeithidheach, agus nuair a stop an anáil ar fad dhúisigh sé. Bhí gasúr ag deasú ruainne bhig ar leathshúil leis nuair a dhúisigh sé. Fuair sé greim caol dá chois ar an ngasúr a bhí a' deasú ar a shúil.

"Ó do chara agus do chompánach a ghaisighidh ná marbhúigh mé agus innseochaidh mé dhuit cá ndeachaidh do bhean." Is maith an gasúr thú má tá fhios agat cá ndeachaidh sí." "Thug an fear mór as an domhan thiar leis í" adeir an gasúr. Ní dhearnaidh sé ach eirghe ina sheasamh agus a dhul go dtí an soithín agus chuaigh sé a'seoladh aríst leis féin agus chaith sé lá agus bliain ag seoladh na fairrge leis féin gan long ná bád, talamh ná trágh a fheiceál go raibh an lá agus bliain istigh aige.

An chéad talamh a chonnaic sé tháinig sé i dtír ann go bhfágadh sé baladh an aeir agus na talmhana. Shiubhail sé amach as a shoithín agus is garr a bhí siubhalta aige nuair a casadh caisleán móir dhó a bhí déanta ar bhrúach na fairrge. Trathnóna breagh foghmhair a bhí ann. Chuir sé a dhruim leis an gcaisleán agus thosaigh sé a' breathnú amach ar a' bhfairrge. Is garr a bhí sé ann nuair a d'airigh sé braonacha báistighe a' tuitim ina thimcheall. Facthas dó trathnóna chomh breagh go mba aisteach an rud braona báistighe a bheith ann. Bhreathnuigh sé os a chionn agus céard d'feicfeadh sé sa bhfuinneog bairr ach Lasair Chinn Dearg agus a cloigeann amach tríd an bhfuinneog aice. "An ann duit?" adeir sé. "Is ann" adeir sise. "Céard a chur annsin thú" adeir sé. "An fear mór a leag isteach ar a lámh annseo mé." "Tugaim-se fear mór ar sin" adeir sé. "Ní bheadh goir ar bith a'd go bhféadfá dhul aníos?" "Creidim nach bhfuil" adeir sé.

Tharraing sé amach cionn rithte reaite ón gcaisleán. Rith sé suas in éadan an bhalla gur rug sé ar thaobh-chloch na fuinneoige thuas. Rug sise ar chába a chóta air agus tharraing sí isteach ar an áiléar é. Chaith sé féin agus í féin an oidhche chomh gaemeamhail le aon oidhche a chaitheadar, agus níos spóirteamhla aríst. Ní raibh ann ach go raibh an lá ann nuair a tháinig sé de léim anuas ar an talamh aríst. Chuaidh sé go dtí an cuaille comhraic a bhí socruighthe ag an bhfear mór. Bhual sé buille ar an gcuaille agus níor fhág sé laogh i mbó, searrach i gcapall, mionnán i ngabhar, na leanbh faoi bhroinn mná, mála coirce gallda nó seagail gan chúig iompó tuaithbhil agus chúig iompó deiseal a bhaint asta le méad a chraith sé an rioghacht leis an gcuaille comhraic.

Tháinig fear freagra an chuaille.

"Céard atá uait?" adeir sé.

"Tá seacht gcéad romham, seacht gcéad i mo dhiaidh, seacht gcéad ar gach taobh díom, seacht gcéad ar gach taobh díom, seacht gcéad in aghaidh gach céad dar dhubhairt mé, sin nó fear mo theangbhála."

"Níl aon fhear dár iarr tú nach le fágthail sa rioghacht a'd."

Nuair a chonnaic Loinnir ag teacht iad dheasuigh sé air a chulaidh ghaisgigh go dtí pluic dhá bhasa. Thosuigh sé a dhul tríotha mar ghabhfadh seabhac trí éanacha nó préachán gearr trí chearca nár fhág sé aon fhear beo aca i dtrí ceathramhna uaire.

Bhuail sé an cuaille comhraic aríst. "Céard tá uait" adeir fear an chuaille comhraic. "Gach a bhfuil sa rioghacht ar fad agus gan a bheith go mo choinneál annseo." "Níl le fágthail anois" adeir fear an chuaille comhraic "ach trí chéad agus tá na trí chéad sin ag teacht. Nuair a tháinig na trí chéad ní achar fada a mhaireadar. Bhuail sé iarraidh eile ar an gcuaille comhraic. "Céard atá anois uait" adeir fear an chuaille comhraic. "Gach a bhfuil sa rioghacht ar fad a'd agus ná coinnigh níos fuide mé." "Níl le fágthail anois a'd ach trí cinn de chuit, agus tá an trí cinn de chuit a' teacht. Nuair a tháinig na trí cinn de chuit i láthair d'ionnsuigheadar a chéile (Loinnir agus na cuit). Is mó na loit a bhí na trí cinn de chait a dhéanamh ná mar fuair sé i gcaitheamh an lae roimhe sin. Ní raibh áit a gcuirfeadh cat aca crúc ann nach raibh sé a' tabhairt na feola leis go dtéidheadh sé go sál a chos. "Maise shoraidh go geo sibh, is dona an rud a bhfuil mé marbh aige, trí cinn de chuit taréis a ndeachaidh mé thríd."

Rug sé ar mheirg bhéil uachtair agus ar mheirg bhéil íochtair gur fhosgail sé go poll a thóna é. Nuair a chonaic an péire eile an bás a fuair sé sin ritheadar féin. Ní dheachaidh dhá láimh Lasair Chinn Dearg chun comhnaidhe ach a'déanamh sùgáin de shusaí, de phluideanna agus de bhráithlíne go raibh sùgán déanta a raibh a chloigeann buailte den talamh.

Nuair a tháinig an trathnóna, "tá tú beo fós" adeir sí. "Táim" adeir sé "agus d'fanfainn san áit a raibh mé go bhfághainn bás ach ba mhaith liom thú a fheiceál sul a bhfághainn bás." "Cuir ceann a' tsúgáin seo i do bhéal" adeir sí "agus beir os a chionn i do láimh agus b'fhéidir dá ndéanfá féin tada go dtarraingighinn aníos thú." Chuir sé ceann i na bhéal agus rug sé os a chionn sin ar an sùgán in a dhá láimh agus tharraing sí aníos é go raibh sé ar an áiléar a raibh sí féin. "Tá dabhach nimhe annseo anois" adeir sí "agus dabhach íocsháinte, agus níl fhios a'm-sa ceachtar aca thar a chéile." "Ní bheidh tú mar sin" adeir sé, "innseocha mise dhuit é má innsigheann tú dhom cé is measa leat, mé féin nó an fear mór." "Níl iongantas ar bith orm" adeir sí roinnt éad a bheith ort faoi féin a bheith ort."

Chaith sí di chuile shnáth dá raibh ar a craiceann agus sé an chéad dabhach a ndeacha sí de léim ann sa dabhach nimhe. Níor fhága sé sin liobar fuil ná fionnadh ná craiceann go ndeacha sí go sál a cos. Chuaidh sí go léim as sin san dabhach íocshláinte. Tháinig sí as an dabhach íocshláinte cho slán agus cho folláin ags bhí sí nuair a chuaidh sí sa dabhach nimhe. Roláil sí Loinnir isteach san dabhach íocshláinte nuair a tháinig sí féin amach. Tháinig Loinnir é féin amach gan cneadh gan crith ná gearradh ach é chomh folláin is a bhí sé ar maidin. Ní raibh aon lorg air nuair a d'fhág sé an dabhach íocshláinte. Chaitheadar an oidhche sin mar chaitheadar na trí treanna agus gan aon ghreim tor.

Ar maidin amárach chrochadar leob agus thugadar leob cupla máilín óir agus cupla máilín sgeanna óir, forcanna óir, spunogaí óir go ndeachadar go dtí an soithin. Ní raibh seolta aca ach naoi nó deich de laethanta nuair a bhuail tinneas na fairrge í agus bhí sí faoi dhó níos measa ná bhí sí an chéad uair. "Tá tú go dona" adeir sé. "An chéad talamh a fheicfeas mé caithfidh mé teacht i dtír ann." "Ná bac leis" adeir sí, "Ní baoghal báis dom-sa."

An chéad talamh a dtáinig sé suas leis tháinig sé i dtír air. Sé an áit a gcasadh isteach iad nuair a bhí tamall siubhalta aca i dteach cailleach cearc a bhí ag duine uasal. Bhí seanfhear eile ag an duine uasal a bhíodh ag tabhairt aire do mhuca dhó, a dtugaidís Muicidhe na Muc air. Bhí sé féin agus cailleach na gcearc a' cúirtéarach. Bhí sé istigh ann nuair a tháinig Loinnir Mhic Leabhair agus Lasair Chinn Dearg isteach.

Chaith Muicidhe na Muc ann agus é ag breathnú ar an mbean a bhí ag an mairnéalach nó go raibh sé thar an am. Séard a bhí sa duine uasal a raibh an bheirt ag freastal air fear óg gan phósadh. "Maise go dtí shoraidh dhíot" ar sé sin le Muicidhe na Muc nuair a tháinig sé "nach bhfuil do mhuca cailte leis an ocras ó mhaidin." "Maise go dtí seacht shoraidh dhíot-sa" arsa Muicidhe na Muc "dá bhfeicfeá an bhean atá ag sean-mhairnéalach mór" adeir sé, "thíos i dteach Chailleach na gCearc. Ní chodlócha go maidin" adeir sé. "Go síos" adeir sé leis an seanfhear glic, "agus féach an fíor an rud atá sé a rádh."

Chuaidh an seanfhear glic síos go Cailleach na gCearc agus pé bí deifir a bhí ar Mhuicidhe na Muc ní raibh deifir ar bith leis féin ach ag breathnú uirthé. Nuair a tháinig an seanfhear glic aníos "an bhfuil a leithid ann" adeir sé. "Tá" adeir an seanfhear glic, "ach má tá ní thusa ná a

bhfuil i do rioghacht ar fad a'd" adeir sé atá indon í a bhaint den mhairnéalach." "Bhí m'athair ag beathú t'athar, bhí mó sheanathair ag beathú do sheanathar. Tá mé féin go do bheathú féin," adeir sé. "Mara n-innsí tú dhom cén chaoi a mbainfidh mé an bhean den mhairnéalach bainfidh mé an ceann díot." "Níl aon chaoi agam ar domhan ach cuir cuireadh 'un dinnéir aige, agus má thagann sé, agus nuair a bhéas an dinnéar caithte agaí, abair tusa nach bhfaca tú aon fhear ariamh a d'ólfadh gach uile gloine fuisge leat. Déarfaidh an Muicidhe go n-ólfaidh sé trí cinn in aghaidh ceann duit agus deirimse go n-ólfaidh sé seacht gcinn in agha ceann duit ach déanfaidh mise funnel páipéir dhuit-se agus cuirfidh mé faoi do smig é. Chuile ghloine dá mbeidh tusa a ól féadfa tú é a chaitheamh sa funnel páipéir agus gabhfa sé amach i mbarriallacha do bhróg."

Cuireadh cuireadh 'un dinnéir ag mairnéalach agus Lasair Chinn Dearg in éinfheacht leis. Tháinig siad ag an dinnéar agus nuair a bhí an dinnéar caithte aca "ní fhaca mise ariamh" adeir an duine uasal "a d'ólfadh gach uile gloine fuisge liom féin." "D'ólfainn" adeir Loinnir, "trí cinn in aghaidh ceann duit."

Thosúigheadar ag ól an bheirt agus agus nuair a d'ólfadh an duine uasal gloine chaithfeadh Loinnir trí cinn a ól. Bhíodar ag ól nó gur óladar dhá phuinsiún fuisge. "Cén spreacadh atá anois ionnaidh" adeir an duine uasal óg nuair a bhí deire an darna puinsiún ólta aca. "Fear maith a gheobhfadh an ceann is fearr fós orm." Thosúigheadar ar an tríomhadh puinsiún fuisge. Nuair a bhí an tríomhadh ceann i ndáil le bheith follamh acab, "cén spreacadh atá anois ionnaidh?" adeir an duine uasal le Loinnir. "Cheanglóchadh dhá snáth síoda anois mé." "Dá gceangluigheadh ní hiongnadh ar bith dá gceangluigheadh na córdaí atá thiar faoi mo leaba thú."

Cuireadh duine ina gcoinne. Ceangluigheadh é nach raibh aithne cos ná lámh air ná cloigeann ach in aon cheirtlín amháin mar bheadh ceirtlín snátha. Tugadh amach faoin dorus annsin é agus lasadh coinneal céara os a chionn ionnus nach mbeadh aon bhraon dá dtuitfeadh as a' gcoinnil nach ngabhfadh go smior agus go smeantán ann. Bhí cailín sa teach agus nuair a chonnaic sí an choinneal dá lasadh os a chionn chuaigh sí féin taobh amuigh agus cupán aice. Aon bhraon a d'feicfeadh sí ag tuitim as an gcoinnil chuirfeadh sí an cupán faoi nó go raibh an choinneal leaghta. Cuireadh isteach i mbarra rotha annsin é. Nuair a chonaic Lasair Chinn an bás a bhí sé a fhágáil chuir sí faoi gheasa an duine uasal gan baint ná páirt a bheith aige léithe féin go ceann lá agus seacht mbliana.

Bhí aill mhór i ngar don chaisleán a rabhadar ann ar bhruach na fairrge. Bhí éan san aill a dtugaidís an ghrí mhuimhneach uirthi. Caitheadh Loinnir le fána na aille i riocht is nach dtiocfadh sé choidhchin. Ar dhul síos dó fuair an ghrí mhuimhneach greim ar chluais air. Thug sí isteach san nead a bhí aice féin é. Bhí trí cinn de leipreacháin aice agus nuair a fuair seisean biseach ón meisge mharbhuigh sé péire de na leipreacháin féachaint an marbhóchadh an ghrí mhuimhneach é féin. Nuair a tháinig sí agus fuair sí an dá leipreachán marbh aige thug sí amach ar ghreim cluaise é go dtug sí trí thomadh sa bhfairrge dhó. Thug sí isteach sa nead aríst é. Nuair a chuaigh sí a' tóruigheacht i mbárach dó féin agus don leipreachán a bhí fágtha aice, nuair a tháinig sí trathnóna bhí an leipreachán marbh aige. "Sé an chaoi a bhfuil tú a' féachaint an marbhóchainn thú agus ní mharbhóchad."

Thosuigh chúig chéad gaisgidheach ag teacht isteach ag Drucht Uaine ar an Ardoileán. Ní raibh aon lá nach marbhuigheadh sé na chúig chéad, agus bhídís beo lá ar na bhárach. Chuir sé soitheach is fiche 'un fairrge féachaint cé aca a gheobhfadh ceachtar aca Loinnir, nó dá bhfuigheadh, an ceann-soitheach a thabhairt aige nó go dtiubhradh sé ór leaghta aige.

Tháinig ceo ortha nuair a bhí sgathamh laethanta seolta aca agus cuireadh soitheach aca isteach faoin aill sul d'airigh sí í féin. Bhual sí faoin aill agus bhí sé a' cinnt ortha a cur as. "Tá éan san aill seo" adeir an caiptín, "agus ní raibh aon lá ariamh nach raibh éadail eicint aice. Teidheadh fear agaibh sa gcrann" adeir sé "agus breathnuigheadh sé sa nead." Chuaidh fear acab sa gcrann agus bhreathnuigh sé isteach sa nead. Níor thug sé an darna hamharc ar an nead nuair a chonnaic sé an chosamhlacht a bhí uirthé, go dtáinig sé ar an deic aríst. Dubhairt sé leis an gcaiptín go raibh an diabhal sa nead indiu nó a chosamhlacht. "Pé bí rud atá inntí" adeir an caiptín "caithfidh sé theacht ar deic."

Cuireadh suas téadracha agus caitheadh taobh istigh de iad san áit a raibh sé sa nead. Tharraingeadar amach as an nead é go dtáinig sé ar an deic. Chuaidh sé tríd an chéad deic agus chuaidh sé tríd an darna deic, gur buaileadh thíos ar an gcíol é. Tugadh aníos ar an deic aríst é. "Cén sórt feithide tusa" adeir an caiptín nuair a fuair sé ar an deic aríst é. "Is aisteach an rud duit a dhul a' fiafruigh díom cén sórt duine mé féin agus a bhfeiceann tú a bhfuil de lorg rópaí ar mo chraiceann no go ngearrfá cuid acab." Bhí beirt dhochtúirí ann. Tháinig an bheirt aca agus thosuigheadar a' gearradh na rópaí gur bhaineadar amach as an gcaiceann iad. Nuair a bhí na córdaí sgaoilte bhain sé searradh as féin. Shín sé a chnámhanna. "Cén sórt duine anois thú?" adeir an caiptín. "Is aisteach an rud" adeir sé, "a fhiafruigh de dhuine ar bith cén sórt duine é ina chraiceann."

Tháinig cóta mór a bhí ag a' gcaiptín aníos do dtí é. Chuir sé a lámha amach ann agus ní dhearna sé an darna greim de gan pléasgadh. Bhí triúr fear déanta seol innti agus beirt mhairnéalach agus d'ionnsuigheadar le n-a gcuid snáthaid é ag déanamh colaidh canbháis dó. Ní achar fada go raibh go raibh colaidh canbháis air. "Cén sórt duine anois thú?" "Is aisteach an rud é a dhul a' fiafruigh díom-sa cén sórt duine mé agus gan fhios agat cén uair a bhlaís mé greim bidh saoghalta." Fuair sé an bricfeasta is fearr a bhí sa soitheach. Nuair a bhí an bricfeasta ithte aige "cén sórt duine anois thú" adeir an caiptín. "Is aisteach an rud a dhul a' fiafruigh díom-sa cén sórt duine mé go dtugta airm i mo láimh dhom." Thug sé a chlaidheamh dó. "Cén sórt duine thú" adeir sé leis an gcaiptín. "Pé bí sórt duine mé creidim nach é an t-ádh a chaith annseo mé." "Céard a chas ann thú" adeir Loinnir. "Tá soitheach agus fiche atá curtha chun fairrge ag Drucht Uaine as Ardoileán in áit a bhfuil chúig chéad gaisgidheach ag teacht isteach air agus marbhuigheann sé chuile lá iad agus bíonn siad beo lá ar na bhárach roimhe. Cuireann sé muide chun fairrge agus pé bí duine a gheobhfaidh Loinnir Mac Leabhair bhí locht óir leaghta aige." "Agus céard atá do choinneál annseo?" adeir sé leis an gcaiptín. "Tá an soitheach buailte agus í cinnte orainn í a chur as."

Bhí sail ar an deic aice a thógadar in áit eicint i lár na fairrge. Rug Loinnir ar an sail agus bhuail sé a ceann i dteannta na haille gur chuir sé an soitheach trí mhíle 'un fairrge den bhuille sin. "Tóg do chúrsa anois ar Ardoileán" adeir sé leis an gcaiptín. Ar maidin i mbárach bhíodar ag tigheacht i n-amharc na talmhan. Níl raibh aon áit ó bharr an chrainn bairr go

barr an chéad-tseoil nar chuir an caiptín bratanna geala go raibh Loinnir a’ teacht aige féin. Nuair a tháinig sé i bhfoisgeach trí mhíle don talamh bhí Drucht Uaine ag dhul chun na páirce san áit a mbíodh an cath aige féin agus an chúig chéad gaisgidheach chuile lá. Rith Loinnir ó dheire an tsoithigh go dtí n-a tosach agus d’eirigh sé de léim ón áit sin go ndeachaidh sé go dtí an áit a raibh Drucht Uaine ina sheasamh. Chraitheadar láimh le chéile nuair a tháinigeadar ‘un a chéile. “Teiridh tusa abhaile” adeir sé le Drucht Uaine “agus gabhfaidh mise chun na páirce indiu.” “Ní ghabhfaidh ach teiridh chun a’ tighe agam-sa agus gabhfa mise ‘un na páirce agus beidh tú luath go leor i mbárach.” Ní ghabhfa mise ‘un do thighe nuair nach mbeidh tú féin ann ach gabhfaidh mé ‘un na páirce.”

Chuaidh Loinnir ‘un na páirce an lá sinn agus bhí na chúig chéad roimhe ann. Ní mórán achair a mhair na chúig chéad go rabhadar os cionn a chéile in aon chárnán amháin. “Ní hé fearacht an fhir atá bhur marbhadh leis an fhad seo d’aimsir. Má bhíonn sibh beo amárach beidh fhios am-sa céard a dhéanfas beo sibh.” Shín sé é fein siar os cionn a’ charnáin. Bhí fathach mór sa Domhan Thoir. Ní raibh aon bhéile dá n-itheadh sé nach gcaithfeadh sé beirt le n-ithe leis, pé bí rud eile a d’íosfadh sé. Sé an t-ainm a bhí ar bhean an fhathaigh Máire. Tháinig sé isteach trathnóna agus beirt chailíní óga aige le n-ithe aige le n-a shuipéar. “Mo chrá agam a Mháire” adeir sé “marar chuala mé gur marbhuigheadh chúig chéad gaisgidheach in Ardoileán indiu. Cuir síos an pota agus an t-uisge agus gabhfaidh mé ina gcoinne.”

Chroch sé leis an chiseog faoi n-a asgail agus nuair a tháinig sé suas leis an gcarnán a bhí marbh ar an oileán. Sé Loinnir an chéad duine a leag sé ar a’ gciseog. Nuair a tháinig sé isteach ag Máire agus iad faoi n-a asgail aige bhí sé deireannach. Dhóirt sé anuas ar an teallach iad agus chuir Loinnir méar idir dhá easna sa gciseog. Chaith sé Loinnir agus an chiseog ar lota a bhí i gceann a’ tighe. Nuair a thuit an chuid eile aca chuir sé síos i gcoire iad. Nuair a bhí siad bruithte d’ith sé go dtí beirt iad, é féin agus Máire. Chuaidh sé féin agus Máire a chodladh. Ní raibh ann ach go raibh sé ina chodladh nuair a d’eirigh sé de léim aríst. “Mo chrádh agam a Mháire,” adeir sé, “mar a bhfuil mé a’saibhreamh go bhfuil neach eicínt sa teach a mharbhóchas mé.” “Ní headh” adeir Máire, “ach a’ caitheamh in a dhiaidh atá tú nár ith tú an bheirt úd thíos. Go síos agus ith iad.”

Tháinig sé aniar as an leaba agus d’ith sé iad. Chuaidh sé a chodladh aríst agus ní raibh ann ach go raibh sé ina chodladh nuair a d’eirigh sé de léim aríst. “Ara céard atá anois ort” adeir Máire. “Mo chrádh agam a Mháire mara bhfuil mé a’saibhreamh go bhfuil neach eicínt sa teach a mharbhóchas mé.” “Ní headh, ach go bhfuil an iomarca ithte agat” adeir Máire. Ní raibh ann ach go raibh sé ina chodladh nuair a d’eirigh sé de léim aríst. “Céard atá anois ort.” “Mo chrádh agam a Mháire” adeir sé, “tá mé a’saibhreamh go bhfuil neach eicínt sa teach a mharbhóchas mé.”

Bhí Loinnir ar an urlár an t-am sin, anuas den lota. “Ná bíodh aimhreas ar bith nach bhfuil” adeir Loinnir. Aniar leis a’ bhfathach go bhfágadh sé greim air agus go n-itheadh sé in éineacht leis an gcuid eile é. Rug Loinnir greim air agus leag sé é agus leag sé glúin air. Bhí Máire aniar i ndiaidh an fhathaigh agus tuarigín aice. Fuair sé greim ar Mháire agus leag sé an taobh eile dhe aige. Cheangail sé loirgne dá chéile, loirgne an fhathaigh agus loirgne

Mháire. Cheangail sé dá chéile iad agus chaith sé treasna sa gcroch iad os cionn na teineadh, in áit a mbeadh siad dá róstadh aige. Sé an smior a bhí sna loirgne a bhí a’ déanamh soluis ar maidin aige. An caoineadh ba bhoichte agus ba chráidhte dar chuala sé ariamh, chuala sé é sa seomra ba ghóire dhó. Bhuaill sé cic ar an doras agus chuir sé siar an doras in áit ar chuala sé an caoineachán. Bhí beirt bhan thiar sa seomra cho deas agus chonnaic sé ón lá a rinne slat go leith cóta dó go dtí an lá sin. “Céard atá sibh a chaoineadh?” adeir sé. “Ó do chara agus do choimrighe a ghaisgidhigh tá muid gár gcaoineadh féin.” “Tuige a bhfuil sibh gá gcaoineadh féin?” “Bhí muid istigh annseo le n-a suipéar aréir ag an bhfathach gur marbhuigheadh chúig chéad gaisgidheach a bhí ar a shuipéar aige, ach beidh muide ag a’ mbricfeasta aige.” “Ná bíodh faitchíos oraibh, ní bhainfidh sé le ceachtar agaí choidhchin. Ní raibh le fágáil aca nuair a tháinig siad aniar as an seomra ach píosa de loirgne an fhathaigh agus píosa de loirgne Mháire. Rinne sé dhá leith den chúirt idir an bheirt.

Chroch leis féin go dtug sé dhá chulaidh éadaigh leis an bhfathach leis agus leath sgór puntaí airgid. D’fhág sé an chuid eile acab-san. Nuair a bhí siubhal cupla lá déanta aige casadh fear bocht dó a bhí a’ bailiú a chodach ar an mbóthar, nach raibh air ach droch-chulaidh éadaigh. “Má thugann tusa domsa an chulaidh éadaigh atá ort féin tiubhra mé duitse an chulaidh seo agus chúig phunt.” “Shíl mé nach mbeadh do mhacasamhail de ghaisgidheach a’ magadh faoi mo leithide-se.” “Ní a’ magadh fút atáim” adeir Loinnir. Thug sé an chulaidh éadaigh dó agus chúig phunt ar an gculaith éadaigh a bhí air féin.

Dheasuigh sé air culaidh an duine bhoicht. Níor stop sé ariamh go dtáinig sé go dtí teach Chailleach na gCearc. Chuir sé a chloigeann tríd an doras agus d’iarr sé lóistín na hoidhche uirthi. “Ní thiubhraidh” adeir Cailleach na gCearc, “a sgluigéara bacach in áit an ghaisgidhigh breagh a bhí annseo tá lá agus seacht mbliana ó shoin ann. Anocht atá bainis na mná a bhí aige gá caitheamh annseo thuas. Féadfa tusa a dhul ann agus do bhallast a líonadh.”

Bhí coiriceog tuighe a raibh an síol bainte as aice le haghaidh na gcearc. Chuaidh sé amach agus rinne sé súgán maith tuighe de chuide de. Rinne sé ceann eile a’ d’fháisc sé aniar faoi n-a lár féin. Rinne sé dhá cheann eile a’ d’fháisc sé aniar faoi n-a dhá ghlúin ar an seantreabhsar a bhí air. Chuaidh sé isteach agus an súgán láidir ina glaic aige. D’fháisc sé é sin aniar faoi dhá asgail na caillighe. Chroch sé leis an chailleach ar a dhruim. An oidhche a chuaidh sé amach an doras níor nocht Lasair Chinn Dearg a fiacail le gáire. Nuair a tháinig sé isteach i dteach na bainse agus an chailleach ar a dhruim thosuigh se ag déanamh corr chaper damhsa. Bhí an chailleach dhá hoppáil ar a dhruim agus chuile dhuine ag gáire fútha. “Maise cá bhfios dom” adeir an duine uasal, “dá dtugfainn síos tú go bhfeicfeá an bhean uasal nach nochtódh a cuid fiacila le gáire.”

Glaoidheadh suas sa bparlús é san áit a raibh Lasair Chinn Dearg agus an comhluadar mór uilig. Babhta dá dtáinig sé thart sa seomra rinne sé comharthaí do Lasair Chinn Dearg gurb é féin a bhí ann. Rinne sí gáire. “Maise goirim féin agus coisrigim tú” adeir an duine uasal. “Ní fearr liom chúig chéad punt ná go bhfaca mé t’fiacail nochtuighthe le gáire. Seo gloine anois,” adeir sé, “agus ól é le pé bí fear is measa leat sa teach.” “Bheirim do shláinte” adeir

sí, “a dhuine bhoicht leis an bhfear a bhfuil an tseanbhean ar do dhruim. Is tú a bhain gáire asam.” “Maise ní móide gur ceidine dhuit ar an oiread eile féin é.”

Leig sé an chailleach anuas dá dhruim go réidh. Ní raibh aon fhear sa teach nar eirigh nuair a chonnaic sé a’ sgaoileadh na caillighe é. “Tá mise a’rádh libh fanacht ina suidhe sios. Aon fhear a eireochas ina sheasamh go mbadh é an bás céadhna a gheobhfas sé agus a gheobhfas sé féin. Rug sé ar chúl ar an duine uasal a seo a shíl é fein a chur chun báis i dtosach. Leag sé aige ar an urlár é agus rinne sé ceithre ceathramhna de. Chroch sé ceathramha de ar gach coirnéal dá theach féin. D’iarr sé pé bí spóirt a bhí aca i gcaitheamh na hoidhche an céad oiread a bheith anois go maidin acab. Nuair a bhí sé ina mhaidin agus píosa den lá ann d’iarr sé a’raibh an cailín a bhí ag coinneál na coinnle gabhtha sa gcupán. “Ó do chara agus do chompánach a ghaissgidhigh, ní ar olc leat a bhí mé.” “Tá fhios agam nach eadh. Tóg do rogha fir dá bhfuil sa teach agus pé bí fear aca caithfidh sé tú a phósadh.” “Maise má tá mo roghain agam le fághail bhí an cóisteoir agus mé féin bun mhór le chéile fadó agus nach bhfuil sé chomh maith dom é a phósadh anois féin.” “B’fhéidir go bhfuil an tseanbhean a bhí ar mo dhruim aréir sa teach fós.” “Dá mbeadh fhíos a’m gur tú a bhí ann ní shin í an fháilte a chuirfinn romhat agus tá mé ag iarraidh do phárdún,” adeir an chailleach. “Tá sin le fáil a’d” ach tóg do roghain de na fir atá sa teach agus pé bí fear is fearr leat caitfidh tú a phósadh.”

An sagart a bhí istigh le Loinnir agus Lasair a phósadh phós sé Cailleach na gCearc agus Muicidhe na Muc, agus an cailín a choinnigh an choinneal agus an cóisteoir. Rinne sé dhá leith den chúirt a bhí ag an duine uasal idir an cailín agus Cailleach na gCearc.

Chuaigh sé féin agus Lasair ag siubhal go bpósfaidís in Albain. Ní raibh siubhalta aige ach píosa nuair a thuit a chodladh aríst air. D’iarr sé uirthé suidhe go leagfadh sé a cheann ar a glúin. “Má fheiceann tú tada a’ teacht” adeir sé, a chuirfeadh faitchíos ort, tarraing an ribe gruaige seo atá ar mhullach mo chinn. Mara ndúisighidh sé sin mé bain laidhricín na coise deise díom. Mara ndúisighidh sé sin mé buail os cionn an chroidhe mé den leic sin thall. Mar a ndúisigheann sin mé ní dhúiseochaidh mé go ndéanfaidh mé codladh seacht n-oidhche agus seacht lá.”

Ní raibh ann ach go raibh sé tuitthe ina chodladh nuair a chonaic sí triúr fear a’ tarraingt ar an áit a raibh sí. Shíl sí a dhúiseacht. Chinn uirthé. Tharraing sí an ribe gruaige a bhí ar mhullach a chinn. Níor dhúisigh sin é. Bhain sí laidhricín na coise de. Níor dhúisigh sin é. Bhuaill sí den leic os cionn a chroidhe é gur chuir sí trí huain d’fhuil a chroidhe amch agus níor dhúisigh sin é.

Tháinig an triúr fear i láthair. “Cén sórt duine annsin agat?” ar siad.

“Dreatháir liom atá tuitthe ar meisge”

“Tá fhios againn gurb eadh” ar siad-san, agus ghá bhualadh de chic. Chrochadar é agus chuireadar seacht n-iomaire agus seacht n-acra é. Bhuailadar aríst é agus chuireadar an chaoi chéadna air. Thugadar an tríomhadh cic dó agus bhí sé chomh maith leis an gcéad cheann.

Chrochadar Lasair Chinn Dearg leothab agus d'fhágadar Loinnir annsin. Is gearr a chuadar nuair a thosúigheadar ag bualadh a chéile ag ceapadh chuile dhuine aca gur aige féin a bheadh an bhean. Nuair a bhí sgathamh maith buailte aca ar a chéile, "níl aon ghnaithe dhuinn a bheith ag bualadh a chéile fúithe. Fágfaidh muid faoi bhreitheamhnas an chéad duine a thiocfas an bealach é." Sé an chéad duine a tháinig an bealach Fionn Mac Cumhaill. D'innsigheadar a sgéal do Fhionn. "Cén aois tusa" adeir Fionn leis an bhfear a bhí ag innseacht an sgéil dó.

"Chuir mé soitheach go dtí na hIndiacha Thiar i gcoinne píopaí cailce agus níor bhris mé aon cheann aca agus níor dhíol mé aon cheann aca, agus níl aon cheann aca nach bhfuil caithte agam ach an píopa atá i mo ghlaic." Chuir mise soitheach dhá thonna go dtí na hIndiacha thiar i gcoinne sean rásúirí cruadhach. Níor bhris mé ceann agus níor dhíol mé ceann, agus tá siad ar fad caithtego dtí cúl an tsean-rásúir seo" adeir an dara fear.

"Cén aois tusa?" adeir Fionn leis an tríomhadh fear.

"Chuir mise soitheach dhá thonna ag iarraidh snáthaide caola cruadhach. Níor chaill mé aon cheann aca agus níor dhíol me aon cheann aca, agus tá siad ar fadcaithte agam go dtí cró na snáthaide seo ag fuagháil mo shean-éadaigh."

"An duine is óige agaibh" adeir Fionn, "tá sé ro-shean lena haghaidh seo. Sílim gur agam féin a bheidh sí."

Thug sé an bhean leis agus d'fhág sé annsin an triúr. Chuadar ar ais. Bhíodar ag gabhail de Loinnir aríst gur dhúisigheadar é. Dubhradar leis gurbh é Fionn a thug an bhean uaidh. Shiubhail sé leis go dtáinig sé ag an gCuaille Comhraic ag fiafruighe de Gholl a raibh sé de mhisneach aige aige troid ar shon na mná. Dubhairt Goll go raibh. Chuaidh sé féin agus Loinnir chun talmhan le chéile agus mar b'Éireannach é bhí leisg ar Loinnir é a mharbhú i gcomhnaidhe gur chaitheadar seacht lá ag troid. Ní bhfuair Loinnir aon ghreim le caitheamh an t-achar sin marar ól sé deoch uisge féin san oidhche. "Is furasta mo mharbhughadh anois," adeir sé nuair a bhí na seacht lá istigh aige. Chuir sé a chlaidheamh ina sheasamh sa talamh agus tháinig sé anuas de léim air agus chuir sé amach trí n-a chroidhe é agus amch trí na dhruim. D'fhuagradar go raibh Loinnir marbh ag Goll. Nuair a chuaigh Goll isteach "tá súil agam a Ghoill go dtiubhra tú impidhe dhom," adeir Lasair. "Impidhe ar bith ó Dhia anuas." "Níl mé ag iarraidh aon impidhe ach cead mo dhóthain a chaoine os cionn Loinnir." "Tiubhra mise é sin duit agus fáilte." Chuaigh sí amach agus nuair a bhí a dóthain agus a mórdhóthain caointe aice os cionn Loinnir tharraing sí a chlaidheamh as croidhe Loinnir. Chuir sí tríd a croidhe féin é agus mharbhuigh sí í féin os cionn Loinnir.

Thug na Fianna leob agus leagadar idir dhá chnoc iad agus d'iompuigheadar an dá chnoc ina chéile os a gcionn. Sin é an deis curtha a chuireadar orthab. Nuair a d'éirigh Drucht Uaine lá'r na bhárach agus chuaidh sé go dtí an lochán fola bhí an t-uachtar fola air. Changail Fionn an ordóg agus bhí fios aige. Fuair sé amach go raibh Drucht Uaine agus a chuid airm ar fad ag teacht ar thóraidheacht Loinnir. Chuir sé na Fianna amach le slat draidheachta agus poitín íocshláinte aige go ndéanfaidís beo aríst iad. D'ionntuigheadar cnoc acab agus tharraingeadar amach ón gcnoc eile iad. Bhuaileadar buille den tslaitín draoidheachta agus chaitheadar braon den íocsháinte ortha agus d'éirigheadar chomh maith agus bhíodar aon

lá ariamh. Bhíodar féin agus Drucht Uaine agus a gcuid airm ag tigheacht ag cúirt na bhFiannaibh. D'orduigh Drucht Uaine a chuid airm a bhailiughadh agus go ngabhfadh sé féin go hAlbain 'un na bainse.

D'imthigh sé féin agus Lasair agus Loinnir agus níor stopadar go dtáinigedar isteach go dtí Rí Alban, go dtí athair Lasair, go bpósfaidís ann. Ní raibh fhios ag an rí céard a dhéanfadh sé le Lasair ná leis an mbeirt a bhí in éinfheacht leob. Thiománadar soitheach agus seacht bhfichead sa bhfairrge i gcoinne gléas bainse. Nuair a tháinigedar sin loctuighthe le chuile shórt ollmhaitheasa dárbh fhéidir a chur ina leitheid, chuireadar gairmsgoile amach ag tabhairt cuireadh dá raibh d'uaisle sa ríoghacht. Bhíodar a' teacht go raibh seacht gcéad ridire an bhoird bhig ann. Bhí ocht gcéad ridire an bhoird mhóir ann. Bhí naoi gcéad ridire bhord na beochta ann. Bhí deich gcéad ridire bhord na diadhachta ann. Bhí aon chéad déag ridire an bhoird fhada ann. Tháinig hurdaboys agus hardaboys ann. Rinneadh pósadh agus chaitheadar bainis agus ní raibh agam-sa ach bróga páipéir agus stocaí bainne reamhar.

Sin é mo sgéal-sa

Dia le mo bhéal-sa

Tiocfaidh an t-éag

Agus ba mhór an sgéal

Beannacht Dé le hanam na marbh